Féinmheastóireacht Scoile

Litearthacht do Mheán Fómhair 2013 go Meitheamh 2016

1. Réamhrá

1.1. Fócas na Meastóireachta:

Cuid d'obair leanúnach Gaelscoil an Bhradáin Feasa is ea féinmheastóireacht scoile i dtaca leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc. Sonraíodh é sin, i bpáirt, a bhí mar mholadh san MSU agus trí shúil a choinneáil ar thorthaí don litearthacht Ghaeilge agus Béarla agus don uimhearthacht (torthaí trialacha caighdeánaithe). Déantar measúnú ar gach páiste ó rang a haon go rang a sé, lena n-áirítear páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Chinn an scoil tabhairt faoin nGaeilge don chéad tosaíocht féinmheastóireachta mar gur Gaelscoil í.

1.2 Comhthéacs na Scoile:

Is Gaelscoil i mbaile mór í Gaelscoil an Bhradáin Feasa atá faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta. Bunaíodh an scoil i 2007. Tá 373 páiste (174 buachaill agus 199 cailín) ar an rolla – (65% de pháistí na scoile i Ranganna Naíonáin go Rang 2). Tá riachtanais oideachais speisialta íosmhinicíochta ag naonúr páiste agus tugtar uaireanta acmhainne dóibh de bhun na riachtanas sin. Freastalaíonn ceathrar SNA ar riachtanais na bpáistí sin. Tá 14 múinteoir ranga móide 3.6 múinteoir acmhainne/múinteoir tacaíochta foghlama agus príomhoide riaracháin sa scoil. Tacaíonn tuismitheoirí go láidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Níl an Ghaeilge mar theanga baile ach ag clann amháin sa scoil. Tá an tumoideachas i bhfeidhm mar pholasaí scoile. Ní thosnaítear ar mhúineadh an Bhéarla go dtí i ndiaidh na Nollag sna Naíonáin Mhóra. Leagtar an-bhéim ar an nGaeilge mar theanga scoile, mar theanga chlóis agus mar theanga chumarsáide leis na tuismitheoirí.

2. Torthaí:

- Tugann scóranna trialacha caighdeánaithe na bpáistí le fios go bhfuil na scóranna peircintíl don Ghaeilge níos airde ná na noirm náisiúnta. Tá anailís déanta ar na scóranna léitheoireachta agus ar na scóranna éisteachta agus tá na scóranna i ngach rang (1 go 6) níos airde ná na noirm náisiúnta. Níl ach 1.6% de scóranna na páiste faoin 16ú banda peircintíl agus tá 42% de na scóranna os cionn an 85% banda peircintíl.
- Tuairiscíonn formhór na múinteoirí go bhfuil treochtaí gnóthachtála sa léitheoireacht ar leibhéal ard.
- Léiríonn ceistneoirí na bpáistí go mbaineann 88% de pháistí taitneamh as an scríbhneoireacht agus go mbaineann 92% de na páistí sult as an tsaor-scríbhneoireacht.
- Tuairiscíonn gach múinteoir go bhfuil treochtaí gnóthachtála san éisteacht agus sa teanga labhartha ar leibhéal ard agus ag feabhsú.
- Tuairiscíonn gach múinteoir go ndéanann formhór na bpáistí cumarsáid shoiléir, mhuiníneach ó bhéal ach nach bhfuil siad cruinn ó thaobh na Gaeilge de. Tá cuma an Bhéarla ar a gcuid cainte.
- Tuairiscíonn gach múinteoir go mbaineann páistí úsáid as a gcuid scileanna litearthachta go hinniúil agus iad ag foghlaim i ngach réimse den churaclam.
- Tuairiscíonn gach múinteoir nach ndéanann páistí cumarsáid shoiléir ná muiníneach agus iad ag scríobh.
- Tuairiscíonn gach múinteoir gur díol imní dóibh an scríbhneoireacht agus go bhfuil obair bhreise le déanamh leis an líofacht scríbhneoireachta agus le próiseas na scríbhneoireachta a fheabhsú.
- Léiríonn torthaí cheistneoirí na bpáistí go measann 81% de pháistí gur scríbhneoirí maithe iad agus iad ag déanamh féin-mheasúnaithe.
- Tugann páistí le fios go dtaitníonn raon seánraí scríbhneoireachta leo agus is fearr le 50% an reacaireacht (scéalta a scríobh).
- Tuairiscíonn 55% de pháistí go bhfuil na leabhair agus na húrscéalta Béarla ‘ró-éasca’ ach ní thuairiscíonn ach 24% go bhfuil na leabhair agus na húrscéalta Gaeilge ‘ró-éasca’. Tuairiscíonn 59% de pháistí go bhfuil na leabhair agus na húrscéalta Gaeilge ‘díreach i gceart’.
- Ar na gnéithe a chuidíonn le páistí a bheith ina scríbhneoirí maithe, dar leo, tá – samhlaíocht, raon léitheoireachta agus scéalta eile, dóthain ama chun machnamh agus pleanáil a dhéanamh don scríbhneoireacht agus struchtúr na scríbhneoireachta (ailt, frásaí, litriú agus poncaíocht).

- Ar na nithe a chuir isteach ar pháistí agus iad ag scríobh, bhí giniúint smaointe, litriú agus gramadach.
  - Tuairiscíonn gach múinteoir go n-éisteann páistí go cúramach agus le tuiscint agus go léiríonn páistí dea-dhearcaí i leith na héisteachta agus na labhartha.
  - Tuairiscíonn gach múinteoir go léann páistí raon téascanna clóite go líofa. Is breá leis na páistí na leabhair sna bunranganna, Séideán Sí ach go háirithe. Tá buairt ann faoi raon na téacsanna atá oiriúnach do pháistí ag barr na scoile.
  - Tuairiscíonn gach múinteoir nach mbíonn dóthain teagmhála ag páistí leis na meáin dhigiteacha.
  - Tuairiscíonn formhór na múinteoirí go mbaineann páistí leas as scileanna tuisceana a mhúintear go follasach.
  - Tuairiscíonn na múinteoirí go bhfuil an chumarsáid ó bhéal líofa ach níl sí soiléir ná cruinn
  - D'aontaigh gach múinteoir gur ghá dul i ngleic le litriú, gramadach, comhréir agus poncaíocht.
  - Ach a ndéantar anailís ar shamplaí de scríbhneoireacht na bpáistí is deacair teacht ar thátal mar gheall ar thuiscintí difriúla i measc múinteoirí ar cad is dea-scríbhneoireacht ann. D'aontaigh an fhoireann, áfach, nach bhfuil samplaí den scríbhneoireacht tríd is tríd ag teacht le leibhéil ghnóthachtála.

3. Dul chun cinn a rinneadh i dtaca le spriocanna feabhsúcháin a leagadh amach roimhe seo:
Ní ann dóibh de bhrí gurb í seo an chéad bhliain den phróiseas.

4. Achoimre ar thorthaí na féinmheastóireachta scoile:

4.1 Láidreachtaí:

- Tá leibhéil ghnóthachtála sa litearthacht níos airde ná na noirm.
- Léiríonn na páistí dearcthaí an-dearfacha i leith gach gné den litearthacht.
- Déantar scileanna tuisceana a mhúineadh ag gach leibhéal ranga.
- Tuairiscíonn gach múinteoir go mbaineann páistí úsáid as a gcuid scileanna litearthachta go hinniúil agus iad ag foghlaim i ngach réimse den churaclam.
- Bíonn teagmháil ag páistí le raon leathan téacsanna léitheoireachta go háirithe ag bun na scoile.
- Léann páistí go líofa.

4.2 Tosaíochtaí feabhsúcháin:

- Ní mór forbairt a dhéanamh ar an raon leabhair Ghaeilge atá ar fáil do pháistí níos sine
- Ní mór do pháistí teacht a bheith acu ar théacsanna Béarla níos dúshlánaí de réir mar is cuí.
- **Ní mór díriú ar chruinneas agus ar shaibhreas sna scileanna labhartha**.
- **Ní mór breis-iniúchadh a dhéanamh ar thorthaí na scríbhneoireachta agus a aontú ar leibhéal na scoile ina hiomláine agus a úsáid mar áis don dul chun cinn.**
- **Ní mór forbairt bhreise a dhéanamh ar mhúineadh an phróisis scríbhneoireachta ar fud na scoile.**
- **Ní mór aird a thabhairt ar mhúineadh na gramadaí, an litrithe agus na poncaíochta**.
- Ní mór úsáid níos mó a bhaint as na meáin dhigiteacha.

4.3 Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais rialála agus reachtaíochta seo a leanas:

- Ní mór polasaí frithbhulaíochta na scoile a uasdátú ó foilsíodh Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta agus de bharr Imlitir 0045/2013 na Roinne Oideachais agus Scileanna. Féach an seicliosta faoi iamh.